# Easpa uisce inólta

*Nuacht TG4 (Leibhéal B2)*

## A: MACHNAMH

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déanaigí plé ar na ceisteanna seo thíos:

1. Cé mhéad gloine uisce a ólann tú sa lá?
2. Cén fáth a bhfuil uisce ag teastáil ón gcorp?



Cuirigí bhur gcuid smaointe i láthair an ranga. An raibh na pointí céanna agaibh go léir?

## B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cabhrú leat,más gá.

| | |
|---|---|
| share, portion | s _ _ _ r |
| manganese | m _ _ g _ _ _ é _ _ |
| tap | s _ _ _ _ a |
| water supply | s _ _ _ t _ _ _ u _ _ _ _ |
| to boil | a f _ _ _ _ _ _ _ h |
| during the day | i g c _ _ _ _ _ _ _ h an l _ _ |
| serious implications | i m _ _ _ _ c _ _ _ _<br>t _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ |
| plastic bottles | b _ _ d _ _ l p h _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ |
| one-use | a _ _ ú _ _ _ _ _ |
| neighbourhood | c _ _ _ _ _ s _ _ _ _ _ t |

2. Deir Nóra Ní Ghríofa sa mhír go gcaithfidh sí ‘a mheabhrú’ do na leanaí a lámha a ní. Ciallaíonn ‘rud a meabhrú do dhuine’ – *to remind someone of something*. An bhfuil bealach eile agat féin chun a leithéid a rá?

Féach ar an tuairisc anois agus aimsigh na focail thuas inti.

# C: TUISCINT

Féach ar an tuairisc arís agus bain úsáid as na frásaí / figiúirí seo a bhí inti chun achoimre ghearr ar an mír a scríobh:

- Daoine as Conamara Theas ag ól uisce as tancanna
- Leibhéal ard mangainéise
- Daoine fásta i Ros an Mhíl feargach
- 6,000 agus 257
- Páistí óga agus naíonáin
- Buidéil phlaisteacha aonúsáide agus an timpeallacht
- Ualach oibre ar ghnólachtaí
- An nuacht is déanaí ó Uisce Éireann

Léigh amach an achoimre a scríobh tú don duine in aice leat. An raibh an t-ábhar a bhí agaibh mar an gcéanna?

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (ainmfhocal agus aidiacht san iolra)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na samplaí thíos ón script:

‘impleachtaí tromchúiseacha’ agus ‘buidéil phlaisteacha’

Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar an aidiacht ‘tromchúiseach’ sa sampla thuas?

b) Cuir na samplaí thíos san iolra anois:

fear cliste: ____________________
bean chliste: ____________________
bord mór: ____________________
custaiméir tábhachtach: ____________________
cailín spórtúil: ____________________
fuinneog bheag: ____________________

## 2: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint)

Cuir na focail ‘Dúirt sí’ nó ‘Dúirt sé’ roimh na habairtí seo ón mír. Beidh ort na briathra idir lúibíní a athrú:

… (Tá) __________ sciar maith de phobal Chonamara Theas fós ag tarraingt uisce as tancanna.

… (Fógraíodh) __________ ar an séú lá déag de mhí Mheán Fómhair nach raibh sé sábháilte an t-uisce a ól.

… (D’fhéadfadh) __________ an soláthar seo san uisce dochar mór a dhéanamh do shláinte leanaí óga.

… (Bíonn) __________ na lámha le ní gach lá.

# E: CUMARSÁID

### 1: Caint (Rólghníomhaíocht)

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

*a)* Samhlaígí gur iriseoirí le TG4 sibh beirt agus go mbeidh sibh ag cur agallamh ar dhuine de na daoine a bhfuil conaí orthu sa cheantar nach féidir an t-uisce a ól ann. Cad iad na ceisteanna ábhartha a chuirfidh sibh ar an duine sin? Cumaigí na ceisteanna le chéile.

b) Anois, samhlaígí go bhfuil sibh féin in bhur gcónaí in áit nach féidir an t-uisce ón sconna a ól. Conas a thabharfadh sibh freagra ar na ceisteanna sin?

c) Is iriseoir duine amháin agaibh agus is duine a bhfuil fadhb le soláthar uisce an duine eile. Cuirfidh an t-iriseoir ceisteanna ar an duine eile faoin saol gan uisce reatha. Malartaígí róil ansin.



### 2: Scríobh

Scríobh tuairisc an-ghearr faoi shaol an duine atá ina chónaí gan soláthar ceart uisce. Beidh an cleachtadh a rinne tú faoi **Feasacht Teanga - Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint)** úsáideach agus tú ag scríobh.

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
Tá sciar maith de phobal Chonamara Theas fós ag tarraingt uisce as tancanna ó d'fhógair Uisce Éireann go raibh leibhéal ard mangainéise san uisce agus nár chóir uisce sa sconna a ól. Níl sonraí ar bith tugtha ag Uisce Éireann ó shin agus tá imní ar an bpobal anois go rachaidh an scéal i bhfad.

**Donncha Ó Murchú**
Tá rabhadh fós i bhfeidhm ag Uisce Éireann gan an t-uisce a ól ón sconna i gceantar Chois Fharraige, ón Spidéal chomh fada siar le Ros an Mhíl. Fógraíodh ar an séú lá déag de mhí Mheán Fómhair nach raibh sé sábháilte an t-uisce a úsáid mar gheall ar an leibhéal ard mangainéise atá ann.

**Barry Ó Fátharta, Coiste Pobail Ros an Mhíl**
Seo áit a bhfuil seandaoine, mar a déarfá. Tá sé an-deacair, i ndáiríre. Tá sé tugtha suas ar dhaoine sa gceantar nár cuireadh ar an eolas iad i bhfad níos túisce agus creideann go leor daoine go raibh sé seo tarlaithe níos faide siar agus cén fáth nár chuir Uisce Éireann ar an eolas na daoine?

**Donncha Ó Murchú**
Tá tionchar ag na srianta uisce seo ar os cionn sé mhíle tigh[1] i gceantar Chois Fharraige agus 257 áit chónaithe in Inis Oírr. D'fhéadfadh an soláthar seo san uisce dochar mór a dhéanamh do shláinte leanaí óga– naíonáin, go háirithe. Agus tá sé ráite ag Uisce Éireann sa chás seo nach leor an t-uisce a fhiuchadh, go fiú.

**Nóra Ní Ghríofa, Múinteoir Bunscoile**
Bíonn lámha le níochán[2], bímid ag glanadh bord agus gach rud ar an gcaoi sin agus tá na gasúir chomh hóg agus bíonn orainn é a mheabhrú dóibh i gcaitheamh an lae chomh tábhachtach is atá sé gan an t-uisce a ól agus chomh tábhachtach is atá sé na lámha a níochán le huisce atá sábháilte as buidéal agus is ceacht ann féin é sin, caithfidh mé a rá.

**Donncha Ó Murchú**
Chomh maith leis na himpleachtaí tromchúiseacha atá ag an uisce salach seo ar ghnólachtaí agus ar theaghlaigh áitiúla, tá tionchar aige leis ar an timpeallacht mar go mbíonn ar ghnólachtaí buidéil mhóra phlaisteacha mar seo a cheannach chun soláthar uisce glan a fháil. Do dhaoine nach mian leo buidéil phlaisteacha aonúsáide a cheannach ar mhaithe leis an timpeallacht, tá ualach mór oibre anuas orthu anois agus iad ag teacht ar a gcuid uisce.

**Diarmuid Ó Mathúna, Úinéir, POTA Café**
Cé go bhfuil uisce curtha ar fáil sa chomharsanacht gur gá é a fhiuchadh, ní leor sin, abair le sailéid agus rudaí mar sin. Ní fhéadfaimis a bheith ag fiuchadh agus ag fiuchadh, go háirithe leis na costais leictreachais atá ag dul suas agus ag dul suas. Mar sin, na himpleachtaí atá aige domsa, tá mé ag dul suas chuig áiteanna a bhfuil uisce glan slán acu agus ag tabhairt na gcéadta lítear, i ndáiríre, chun na háite, díreach le bheith in ann freastal ar mo chuid custaiméirí.

**Donncha Ó Murchú**
D'fhógair Uisce Éireann le déanaí go raibh feabhas áirithe tagtha ar an gcáilíocht uisce ach nár cheart é a ól go fóill. Lorgaíodh ráiteas ón gcomhlacht maidir leis an uair a chuirfí deireadh leis na srianta seo ach níl sonraí breise ar bith fógartha.  Donncha Ó Murchú, Nuacht TG4.

---

[1] tigh = leagan canúnach de 'teach'
[2] le níochán = leagan canúnach de 'le ní'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ina suí le chéile chun plé a dhéanamh ar na ceisteanna. Is féidir a rá go moltar ocht ngloine uisce sa lá a ól, tá sé sin timpeall ar dhá lítear. Seo cuid de na feidhmeanna a bhíonn ag uisce sa chorp:

Íslíonn sé teocht an choirp
Coinníonn sé na súile, an tsrón agus an béal tais
Cosnaíonn sé na horgáin
Iompraíonn sé cothaithigh agus ocsaigin go dtí na cealla
Oibríonn sé mar ola sna hailt
Cuidíonn sé le dramhaíl an choirp a ghlanadh amach

## B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

   sciar – share, portion
   mangainéis – manganese
   sconna – tap
   aonúsáide – one-use
   soláthar uisce – water supply
   a fhiuchadh – to boil
   i gcaitheamh an lae – during the day
   impleachtaí tromchúiseacha – serious implications
   buidéil phlaisteacha – plastic bottles
   comharsanacht – neighbourhood

2. Rud a mheabhrú do dhuine = rud a chur i gcuimhne do dhuine.

## C: TUISCINT

Féach an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (ainmfhocal agus aidiacht san iolra)

a) Má chríochnaíonn ainmfhocal le consan caol san iolra, cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann é.

b) Féach:

| | |
|---|---|
| fear cliste: | *fir chliste* |
| bean cliste: | *mná cliste* |
| bord mór: | *boird mhóra* |
| custaiméir tábhachtach: | *custaiméirí tábhachtacha* |
| cailín spórtúil: | *cailíní spórtúla* |
| fuinneog bheag: | *fuinneoga beaga* |

### 2: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint)

Féach:

- ✓ Dúirt sí go bhfuil sciar maith de phobal Chonamara Theas fós ag tarraingt uisce as tancanna.
- ✓ Dúirt sé gur fógraíodh ar an séú lá déag de mhí Mheán Fómhair nach raibh sé sábháilte an t-uisce a ól.
- ✓ Dúirt sé go bhféadfadh an soláthar seo san uisce dochar mór a dhéanamh do shláinte leanaí óga.
- ✓ Dúirt sí go mbíonn na lámha le ní gach lá.

### Cumarsáid

### 1: Caint

Bí cinnte go dtugann tú go leor ama do gach beirt na ceisteanna agus na freagraí a phlé le chéile, sula dtabharfaidh siad faoin rólghníomhaíocht. Tá an réamhullmhúchán an-tábhachtach agus cuirfidh sé leis an gcaint. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo le linn na rólghníomhaíochta.

### 2: Scríobh

Mínigh dóibh nach bhfuil i gceist ach tuairisc an-ghearr ach go mbeidh orthu an chlaoninsint a úsáid.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad – Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge – Taighde, Teagasc & Tástáil le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4